**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

1) Go ndearbhófar gur mhainnigh Poblacht na Portaingéile na hoibleagáidí atá uirthi de bhun Airteagal 13(2) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú ([1]) a chomhlíonadh ós rud é nár bhunaigh sí ná nár chuir sí chun feidhme pleananna gníomhaíochta lena gcomhlíontar na ceanglais a shonraítear in Airteagal 13 den Rialachán sin agus ós rud é nár chuir sí in iúl don Choimisiún iad gan mhoill.

2) A ordú do Phoblacht na Portaingéile na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I gcomhréir le hAirteagal 13(2) agus (5) de Rialachán Uimh. 1143/2014, bhí tréimhse trí bliana ag Poblacht na Portaingéile, ó ghlacadh liosta na speiceas coimhthíoch ionrach atá ina n-ábhar imní don Aontas ("liosta an Aontais"), chun tacar de phleananna gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na conairí tosaíochta trína dtugtar isteach agus trína leatar na speicis sin go neamhbheartaithe ar a gcríoch agus ina n-uiscí mara a bhunú, a chur chun feidhme agus a sheoladh chuig an gCoimisiún.

D'aithin Poblacht na Portaingéile 11 chonair tosaíochta, atá ina n-ábhar do sheacht dtogra do phleananna gníomhaíochta.

Níor chuir Poblacht na Portaingéile in iúl, áfach, an dáta a mbeidh na pleananna sin críochnaithe agus formheasta aici, agus níor sheol sí chuig an gCoimisiún iad.

([1]) IO 2014 L 317, lch. 35.

---

**Caingean arna tabhairt an 24 Márta 2023 — Coimisiún Eorpach v Poblacht na Laitvia**

**(Cás C-192/23)**

(2023/C 173/39)

*Teanga an cháis: an Laitvis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: C. Hermes agus I. Naglis, Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht na Laitvia

**An t-ordú atá á lorg**

— Go ndearbhófar gur mhainnigh Poblacht na Laitvia na hoibleagáidí atá uirthi de bhun Airteagal 13(2) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú ([1]) a chomhlíonadh ós rud é nár bhunaigh sí ná nár chuir sí chun feidhme pleananna gníomhaíochta do na conairí tosaíochta tabhairt isteach arna sainaithint agus ós rud é nár chuir sí in iúl don Choimisiún iad gan mhoill.

— Go n-ordófar do Phoblacht na Laitvia na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I gcomhréir le hAirteagal 13(2) agus (5) de Rialachán Uimh. 1143/2014, bhí tréimhse trí bliana ag Poblacht na Laitvia, ó ghlacadh liosta an Aontais, chun tacar de phleananna gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na conairí tosaíochta trína dtugtar isteach agus trína leatar, go neamhbheartaithe, speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas, arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 1143/2014, a bhunú, a chur chun feidhme agus a sheoladh chuig an gCoimisiún. Ghlac an Coimisiún an liosta a luaitear in Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 1143/2014 an 13 Iúil 2016, sa chaoi is go ndeachaigh an tréimhse trí bliana in éag an 13 Iúil 2019.

I gcomhréir le hAirteagal 13(1) den Rialachán, d'aithin an Laitvia ar a laghad cúig chonair tosaíochta (conairí gairneoireachta, tabhairt isteach tánaisteacha agus uisceadáin do phlandaí agus conairí tabhairt isteach tánaisteacha agus éalaithe ó shaoráidí coimeádta d'ainmhithe).

Níor bhunaigh agus níor sheol Poblacht na Laitvia pleananna gníomhaíochta chuig an gCoimisiún ach maidir le ceann amháin de na conairí tosaíochta sin, áfach.

(1) IO 2014 L 317, lch. 35.

---

**Caingean arna tabhairt an 24 Márta 2023 — An Coimisiún Eorpach v Poblacht na hIodáile**

**(Cás C-193/23)**

(2023/C 173/40)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: C. Hermes agus G. Gattinara, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht na hIodáile

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt

— a dhearbhú, gur mhainnigh Poblacht na hIodáile a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 13(2) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 (1) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú, trí mhainneachtain plean aonair nó sraith pleananna gníomhaíochta a tharraingt suas agus a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar chonairí tosaíochta na speiceas coimhthíoch ionrach agus trí mhainneachtain iad a tharchur chuig an gCoimisiún nó iad a tharchur chuig an gCoimisiún gan mhoill;

— a ordú do Phoblacht na hIodáile costais na n-imeachtaí a íoc.

## Saincheisteanna dlí arna maíomh

Maíonn an Coimisiún saincheist dlí amháin, gur mhainnigh Poblacht na hIodáile a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 13(2) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú trí mhainneachtain plean aonair nó sraith pleananna gníomhaíochta a tharraingt suas agus a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar chonairí tosaíochta na speiceas coimhthíoch ionrach agus trí mhainneachtain iad a tharchur chuig an gCoimisiún nó iad a tharchur chuig an gCoimisiún gan mhoill.

Go háirithe, ag dáta dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear sa tuairim réasúnaithe, eadhon an 9 Aibreán 2022, ní raibh plean aonair ná sraith pleananna gníomhaíochta tarraingthe suas ná curtha chun feidhme ag an gcosantóir chun aghaidh a thabhairt ar chonairí tosaíochta speiceas coimhthíoch ionrach de réir bhrí Airteagal 13(2) den Rialachán, ná níor chuir sé an plean nó an tsraith pleananna sin in iúl gan mhoill de bhun Airteagal 13(5) den Rialachán.

(1) IO 2014 L 317, lch. 35.